



AN CHOMHAIRLE EORPACH

**An Bhruiséil, 20 Nollaig 2013
(OR. en)**

EUCO 217/13

**CO EUR 15
CONCL 8**

NÓTA CLÚDAIGH

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Toscaireachtaí

Ábhar: **AN CHOMHAIRLE EORPACH
19/20 Nollaig 2013**

CONCLÚIDÍ

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle Eorpach (19/20 Nollaig 2013).

Den chéad uair ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, bhí díospóireacht théamach ag an gComhairle Eorpach maidir le cosaint. D'aithin sí gníomhaíochtaí tosaíochta don chomhar níos fearr. Roimh an díospóireacht seo bhí cruinniú le hArd-Rúnaí ECAT. Thug sé a mheas ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo maidir leis an tSlándáil agus ba dhíol sásaimh dó iarrachtaí agus tiomantais AE agus a Bhallstáit go bhfuil siad comhoiriúnach le ECAT agus go bhfuil chun leas dó.

Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach é an cur chuige ginearálta ar tháinig an Chomhairle air faoin Sásra Réitigh Aonair, a bheidh ina bhunchloch den Aontas Baincéireachta. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an staid eacnamaíoch agus ar an dul chun cinn atá déanta chun an Comhshocrú le haghaidh Fáis, Post agus Iomaíochais a chur chun feidhme. D'aithin an Chomhairle Eorpach na príomhghnéithe de na Comhpháirtíochtaí don fhás, do phoist agus don iomaíochas, chun tacú leis an athchóiriú struchtúracha, d'fhonn an plé a thabhairt chun críche faoi mhí Dheireadh Fómhair na bliana seo chugainn.

I. COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA

1. Tá tábhacht ag baint leis an gcosaint. Le Comhbheartas Slándála agus Cosanta atá éifeachtach, féadfar slándáil shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú agus féadfar an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chothú inár gcomharsanacht féin agus mórthimpeall an domhain. Ach tá timpeallacht straitéiseach agus gheopholaitiúil na hEorpa ag fabhrú go gasta. Tá srian ar bhuiséid chosanta san Eoraip, rud a chuireann bac orainn cumas míleata a fhorbairt, a úsáid agus a choinneáil. Tá inbhuanaitheacht agus iomaíochas thionscal cosanta agus slándála na hEorpa i mbaol ó tharla go bhfuil margaí cosanta na hEorpa ilroinnte.

2. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit freagracht níos mó a ghlacadh orthu féin mar fhreagairt ar na dúshláin sin má táthar chun an tsíocháin agus an tslándáil a chothabháil trí CBSC i gcomhar le comhpháirtithe tábhachtacha amhail na Náisiúin Aontaithe agus ECAT. Leanfaidh an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) den fhorbairt a bheidh ag teacht go hiomlán le ECAT i gcreat comhaontaithe na comhpháirtíochta straitéisí idir AE agus ECAT agus ar aon dul le neamhspleáchas cinnteoireachta agus le nósanna imeachta an dá cheann. Beidh na hacmhainní is gá ag teastáil anseo agus ní mór leibhéal sásúil infheistíochta a choimeád. Inniu, tá an Chomhairle Eorpach ag tacú go láidir le Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) a fhorbairt a bheadh inchreidte agus éifeachtach, i gcomhréir le Conradh Liospóin agus leis na deiseanna a tháinig as. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit an comhar cosanta a threisiú trí chur le cumas an Aontais misin agus oibríochtaí a chur ar bun agus tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí d'fhonn cur le forbairt agus le hinfhaighteacht na gcumas sibhialta agus míleata atá de dhíth, agus tacaíocht á fáil ó Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a bheidh níos comhtháite, níos inbhuanaithe, níos nuálaí agus níos iomaíche. Rachaidh an méid sin chun tairbhe freisin d'earnáil thionsclaíoch na hEorpa ina hiomláine ó thaobh fáis, fostaíochta agus nuálaíochta.
3. Mar fhreagairt ar na Conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí na Nollag 2012, tá obair thábhachtach déanta ag an gCoimisiún, ag an Ardionadaí, ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus ag na Ballstáit. Ghlac an Chomhairle conclúidí substaintiúla an 25 Samhain 2013 agus tacaíonn an Chomhairle Eorpach leo.
4. Ar an mbonn sin, shainnigh an Chomhairle Eorpach roinnt gníomhaíochtaí tosaíochta atá bunaithe ar thrí hais: éifeachtacht, infheictheacht agus tionchar an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta a mhéadú; forbairt cumas a fheabhsú; agus tionscal cosanta na hEorpa a neartú.

a) Éifeachtacht, infheictheacht agus tionchar CBSC a mhéadú

5. Le blianta beaga anuas, rinneadh dul chun cinn i roinnt réimsí a bhaineann le CBSC. Is comhartha é an iomaí misean agus oibríochtaí bainistithe géarchéime ar fud an domhain, idir shibhialtach agus mhíleata, go bhfuil an tAontas tiomanta don tsíocháin agus don tslándáil ar bhonn idirnáisiúnta. Trí CBSC, baineann an tAontas feidhm as 7000 ball foirne, i 12 mhisean shibhialtacha agus i gceithre oibríocht mhíleata. Tá cumas uathúil san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit beartais agus uirlisí amhail taidhleoireacht, slándáil agus cosaint, airgeadas, trádáil, forbairt agus ceartas a chomhcheangal ar bhealach córasach ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tugtar tús áite d'fheabhas breise a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an Chur Chuige Chuimsithigh sin atá ag an Aontas, lena n-áirítear a mhéid a bhfuil feidhm leis maidir le bainistiú géarchéime AE. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tíolacadh teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí.
6. Tá an tAontas lántiomanta do bheith ag obair i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe domhanda, trasatlantacha agus réigiúnacha. Ba cheart an comhoibriú sin a fhorbairt tuilleadh, de mheon an treisithe fhrithpháirtigh agus de mheon na comhlántachta.
7. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le tíortha comhpháirteacha agus le heagraíochtaí réigiúnacha, trí oiliúint, comhairle, trealamh agus acmhainní a chur ar fáil nuair is iomchuí, i dtreo is gur mó a bheidh siad in ann géarchéimeanna a chosc nó a bhainistiú leo féin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit, ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún an comhleanúnachas is mó is féidir a áirithiú idir gníomhaíochtaí an Aontais agus gníomhaíochtaí na mBallstát sa mhéid sin.

8. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit bheith in ann na sócmhainní cearta sibhialta agus míleata a phleanáil agus a imscaradh go pras ar bhealach éifeachtach. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go gcaithfear cumas mearfhreagartha AE a fheabhsú, lena n-áirítear trí chathghrúpaí de chuid AE atá níos solúbtha agus ar furasta iad a imscaradh, de réir mar a chinneann na Ballstáit. Ba cheart féachaint go pras ar an ngné airgeadais de mhisin agus d'oibríochtaí AE, lena n-áirítear i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar mheicníocht Athena, d'fhonn a gcóras maoiniúcháin a fheabhsú, bunaithe ar thuarascáil ón Ardionadaí. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcomasófar an tAontas leis na nósanna imeachta agus rialacha le haghaidh misean sibhialtach leis an Aontas chun a bheith níos solúbtha agus chun dlús a chur le himscaradh misean sibhialtach de chuid AE.
9. Tá dúshlán nua i dtaca leis an tslándáil ag teacht chun cinn an t-am ar fad. Tá gnéithe slándála inmheánacha agus seachtracha na hEorpa fite fuaite lena chéile anois níos mó ná riamh. D'fhonn cur ar chumas AE agus na mBallstát dul i ngleic leis sin, ar aon dul leis an méid atá á dhéanamh ag ECAT, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí na nithe seo a leanas:
- go gcuirfí Creat Beartais Cibearchosanta AE ar bun in 2014, ar bhonn togra ón Ardionadaí, ag obair as lámh a chéile leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint;
 - Muirstraitéis Slándála AE faoi mhí an Mheithimh 2014, ar bhonn Teachtaireachta comhpháirtí ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí, agus tuairimí na mBallstát á gcur san áireamh, agus pleananna gníomhaíochta a ullmhú ina dhiaidh sin chun freagairt ar dhúshlán mhuirí;
 - go gcuirfí le líon na sineirgí idir CBSC agus gníomhaithe na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais chun dul i ngleic le saincheistanna cothrománacha amhail an imirce neamhdhleathach, an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht;
 - go ndéanfaí dul chun cinn maidir le tacaíocht CBSC a thabhairt do thríú stáit agus do thríú réigiúin, ionas gur fearr a fhéadfaidh siad teorainneacha a bhainistiú;
 - an comhar a neartú tuilleadh chun dul i ngleic leis na dúshlán atá romhainn i dtaca le slándáil an tsoláthair fuinnimh.

Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe ar an timpeallacht dhomhanda, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle i gcaitheamh na bliana 2015 maidir leis na dúshlán agus leis na deiseanna a thiocfaidh chun cinn don Aontas, tar éis comhairliúcháin a dhéanamh leis na Ballstáit.

b) Forbairt cumas a fheabhsú

10. Tá sé ríthábhachtach obair ar scáth a chéile maidir le cumas míleata a fhorbairt ionas go gcoinneofar na príomhchumais, ionas go ndéanfar easnaimh a réiteach, agus ionas go seachnófar iomarcaíochtaí. Trí éileamh a chomhthiomsú, trí cheanglais a chomhdhlúthú agus trí bharrainneacht scála a bhaint amach, cuirfear ar chumas na mBallstát úsáid éifeachtach acmhainní a fheabhsú agus idirinoibritheacht a áirithiú, lena n-áirítear le príomheagraíochtaí comhpháirtíochta amhail ECAT. Beidh na rannpháirtithe in ann tairbhe a bhaint as barainneacht scála agus as éifeachtacht mhíleata fheabhsaithe trí bhealaí cur chuige comhoibritheacha lena bhforbróidh na Ballstáit nó grúpaí Ballstát a bheidh toilteanach cumas a bheidh bunaithe ar chomhchaighdeáin nó lena gcinnfidh siad socruithe comhchoiteanna ina leith i ndáil le húsáid, le cothabháil nó le hoiliúint, agus rochtain acu ar an gcumas sin ag an am céanna.
11. Tá an Chomhairle Eorpach fós tiomanta do phríomhchumais a chur ar fáil agus chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh fhíorthábhachtacha trí thionscadail nithiúla na mBallstát ar thacaigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint leo. Ag meabhrú di go bhfuil na cumais faoi úinéireacht na mBallstát agus á bhfeidhmiú acu, is díol sásaimh di:
- Córais na nAerárthaí a Oibrítear faoi Sheanstiúir (RPAS) a fhorbairt sa tréimhse ó 2020 go 2025: ullmhúcháin do chlár den chéad ghlúin eile de RPAS Eorpach um Fhadseasmhacht ag Meánairde Eitilte; pobal úsáideoirí RPAS a bhunú i measc na mBallstát is rannpháirtí, ar leo na RPAS seo agus a oibríonn iad; dlúthshineirgí leis an gCoimisiún Eorpach maidir le rialú (chun RPAS a chomhtháthú sa Chóras Eorpach Eitlíochta faoin mbliain 2016); cistiú iomchuí ó 2014 le haghaidh gníomhaíochtaí T&F;

- acmhainn a fhorbairt i ndáil le hAthbhreoslú Aer go hAer: dul chun cinn i dtreo acmhainn a mhéadú ar an iomlán agus ilroinnt a laghdú, go háirithe maidir le cumas Iompair de Thancaeirí Ilfheidhmeacha a bhunú, le sineirgí i réimsí an deimhniúcháin, an cháilithe, na tacaíochta inseirbhíse agus na hoiliúna;
 - Cumarsáid Satailíte: ullmhúcháin don chéad ghlúin eile de Chumarsáid Satailíte Rialtasach trí dhlúthchomhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa; ba cheart go mbunófaí grúpa úsáideoirí in 2014;
 - Cibearspás: treochar agus tionscadail nithiúla a fhorbairt a bheidh dírithe ar oiliúint agus ar chleachtaí, feabhas a chur ar chomhar sibhialta/míleata ar bhonn Straitéis Chibearshlándála AE, sócmhainní in AE a chosaint i misin agus in oibríochtaí.
12. Ba cheart comhar a éascú trí thrédhearcacht agus roinnt na faisnéise a mhéadú tuilleadh maidir le pleanáil na cosanta gur fusa do phleanálaithe náisiúnta agus do chinnteoirí náisiúnta breithniú ar chóineasú breise riachtanas cumais agus amlínte. Chun comhar fadtéarmach níos córasaí a chothú, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint creat beartais iomchuí a chur chun cinn faoi dheireadh 2014, a bheidh ar aon dul le próisis phleanála ECAT.
13. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach iad na samhlacha comhair atá ann cheana, amhail an Cheannasaíocht Eorpach um Aeriompar (EATC), agus spreagann sí na Ballstáit féachaint ar bhealaí eile chun samhail EATC a athchruthú i réimsí eile.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a baineadh amach sa chomhar trí Chód Iompair na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint i ndáil le Comhthiomsú agus Roinnt. Spreagann sí tuilleadh forbartha ar dhreasachtaí agus ar bhealaí cur chuige nuálacha le haghaidh an chomhair sin, lena n-áirítear breathnú ar bhearta cánach nach saobhtar na margáí leo i gcomhréir le dlí na hEorpa atá ann faoi láthair. Iarrann sí ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint breathnú ar bhealaí ar féidir leis na Ballstáit comhordú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla i dtionscadail chomhthiomsaithe soláthair, d'fhonn tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh 2014.
15. Agus é á chur san áireamh aici go mbaintear leas go minic as misin de chineál sibhialta, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí feabhas ar fhorbairt cumas sibhialtach agus leagann sí béim ar an tábhacht a bhaineann le Plean Forbartha na gCumas Sibhialta a chur chun feidhme go hiomlán.

c) Tionscal na cosanta san Eoraip a neartú

16. Tá bunús teicneolaíoch agus tionsclaíoch don chosaint Eorpach (EDTIB) a bheidh níos comhtháite, níos inbhuanaithe, níos nuálaí agus níos iomaíche de dhíth ar an Eoraip chun cumas cosanta a fhorbairt agus a choinneáil. Leis sin, d'fhéadfaí feabhas a chur ar fhéinriail straitéiseach na hEorpa agus ar a cumas gníomhú i gcomhar lena comhpháirtithe. Ba cheart EDTIB a neartú chun an éifeachtúlacht oibríochtúil agus cinnteacht an tsoláthair a áirithiú, agus leanúint de bheith iomaíoch ar an leibhéal domhanda agus de phoist, an nuálaíocht agus an fás a spreagadh ar fud AE. Ba cheart go mbeadh na hiarrachtaí sin cuimsitheach maidir le deiseanna don tionscal cosanta in AE, go mbeidís cothrom agus go gcomhlíonfaidís dlí AE ina iomláine. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfáth go bhfuil sé riachtanach go bhforbrófar tuilleadh na scileanna riachtanacha a aithníodh mar ghnéithe bunriachtanacha de thionscal cosanta na hEorpa amach anseo.

17. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh margadh ceart-fheidhmitheach cosanta ann a bheadh bunaithe ar an oscailteacht, ar chothrom na Féinne agus deiseanna comhionanna agus trédhearcacht do sholáthraithe uile na hEorpa. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an teachtaireacht ón gCoimisiún "I dTreo Earnáil Chosanta agus Slándála a bheadh níos iomaíche agus níos éifeachtúla". Tugann sí dá haire an rún atá ag an gCoimisiún treochlár maidir le cur chun feidhme a fhorbairt, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear an dá Threoir Cosanta ó 2009 chun feidhme agus go gcuirfear i bhfeidhm iad, inter alia d'fhonn an margadh a oscailt d'fhochonraitheoirí ar fud na Eorpa, lena n-áiritheofar barainneacht scála agus lena gcruthófar cúrsaíocht níos fearr le haghaidh na dtáirgí cosanta.

Taighde – dé-úsáid

18. D'fhonn a áirithiú go mbeidh tionscal cosanta na hEorpa iomaíoch go fadtéarmach agus d'fhonn an cumas nua-aimseartha atá de dhíth, tá sé bunriachtanach saineolas i ndáil le Taighde & Teicneolaíocht na cosanta a choinneáil, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí fíorthábhachtacha i réimse na cosanta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit cur leis an infheistíocht a dhéantar i gcláir thaighde chomhoibríocha, go háirithe comhinfheistíochtaí, agus a mhéid sineirgí is féidir a chruthú idir taighde náisiúnta agus AE. Treisíonn taighde sibhialta agus taighde cosanta a chéile, lena n-áirítear i ndáil le príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin agus le teicneolaíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach dá bhrí sin an rún atá ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an mbealach arbh fhéidir le Fís 2020 dul chun tairbhe do chumais thionsclaíocha na cosanta agus na slándála. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint obair go dlúth leis na Ballstáit tograí a fhorbairt chun taighde dé-úsáide a spreagadh tuilleadh. Bunófar Beart Ullmhúcháin i ndáil le taighde a bhaineann le CBSC, agus sineirgí le cláir náisiúnta thaighde á saothrú más féidir ag an am céanna.

Deimhniúchán agus caighdeánú

19. Trí chaighdeáin agus nósanna imeachta deimhniúcháin a fhorbairt le haghaidh trealaimh cosanta, laghdaítear costais, déantar éileamh a chomhchuíbhiú agus cuirtear feabhas ar idirinoibritheacht. Ullmhóidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus an Coimisiún treochlár faoi lár na bliana 2014 chun caighdeáin thionsclaíocha na cosanta a fhorbairt, gan na caighdeáin atá ann cheana a dhúbailt, go háirithe caighdeáin ECAT. In éineacht leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit, forbróidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint roghanna chun costais an deimhnithe mhíleata a laghdú, agus chun aitheantas frithpháirteach idir Ballstáit AE a mhéadú. Ba cheart di tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dá shaincheist sin faoi lár na bliana 2014.

FBManna

20. Tá FBManna tábhachtach i slabhra soláthair na cosanta mar fhoinsé nuálaíochta agus mar phríomhchumasóirí na hiomaíochta. Cuireann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá rochtain trasteorann ar mhargaí i gcomhair FBManna agus cuireann sí i bhfios go láidir go mba cheart úsáid iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil a bhuíochas do dhlí AE maidir le fochonraitheoireacht agus maidir le haistrithe a cheadúnú go ginearálta agus iarrann sí ar an gCoimisiún breathnú ar na féidearthachtaí atá ann do bhearta breise chun slabhraí soláthair a oscailt do FBManna ó na Ballstáit ar fad. Tá tábhacht ar leith ag baint le tacú le líonraí réigiúnacha FBManna agus le braislí straitéiseacha chomh maith leis sin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na tograí ón gCoimisiún chun rochtain níos fearr a chur chun cinn do FBManna ar mhargaí cosanta agus slándála agus chun rannpháirtíocht láidir FBManna a spreagadh i gcláir AE i ndáil le maoiniú amach anseo.

Cinnteacht an tSoláthair

21. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá socruithe i dtaca le Cinnteacht an tSoláthair chun pleanáil fhadtéarmach agus comhar fadtéarmach a fhorbairt, agus maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh cosanta. Is díol sásaimh di gur glacadh Comhshocrú Feabhsaithe laistigh den Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint maidir le Cinnteacht an tSoláthair le déanaí agus iarrann sí ar an gCoimisiún treochlár a fhorbairt leis na Ballstáit, agus i gcomhar leis an Ardionadaí, le haghaidh córais chuimsithigh i ndáil le cinnteacht an tSoláthair ar fud AE, lena gcuirfear an ghné dhomhanda de na slabhraí soláthair san áireamh.

d) An bealach ar aghaidh

22. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí, ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus ar na Ballstáit, laistigh dá gcuid réimsí inniúlachta faoi seach, céimeanna cinntitheacha, infhíoraithe a thabhairt chun na treoshuímh a leagtar amach thuas a chur chun feidhme. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú ar dhul chun cinn nithiúil i leith na saincheisteanna uile i mí an Mheithimh 2015 agus cuirfidh sí treoir bhreise ar fáil, ar bhonn tuarascáil ón gCoimisiún ina mbainfear leas as ionchur ón gCoimisiún, ón Ardionadaí agus ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint.

II. BEARTAS EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

23. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach iad Suirbhé Bliantúil Fáis 2014 agus an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh a thíolaic an Coimisiún. Aithníonn sí go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta ag dul i bhfeabhas de réir a chéile, ainneoin go bhfuil an téarnamh eacnamaíoch réasúnta beag, neamhchothrom agus leochaileach go fóill. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh freisin maidir le comhdhlúthú difreáilte buiséadach, lena spreagtar fás, agus maidir leis an athchomhardú inmheánach agus an t-athshlánú ar chláir chomhardaithe na mbanc. Tá na leibhéil dífhostaíochta cobhsaí anois, cé go bhfuil siad i bhfad ró-ard fós. Tacófar leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cruthú post in 2014 agus 2015 trí bheartais chomhaontaithe a chur chun feidhme go diongbháilte agus go huaillmhianach.
24. Leanfaidh na Ballstáit agus an tAontas Eorpach de ghníomhaíocht dhiongbháilte a dhéanamh chun an fás inbhuanaithe, an fhostaíocht agus an t-iomaíochas a chur chun cinn i gcomhréir leis na cúig thosaíocht a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis.

25. Sa Suirbhé Bliantúil Fáis, sainaitnítear réimsí a bhfuil dúshlán mhóra iontu i gcónaí agus inar gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh. Chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fheidhmiú agus ar sholúbthacht an mhargaidh aonair a fheabhsú i gcás earraí agus seirbhísí, ar thimpeallacht an ghnó a fheabhsú, agus ar chláir chomhardaithe na mbanc a athshlánú tuilleadh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt airgeadais ionas go bhféadfar gnáthiasachtú a chur ar bun an athuair sa gheilleagar. Ní mór tosaíocht a thabhairt do bhearta leantacha a dhéanamh i ndáil leis an iomaíochas a fheabhsú, maidir le hathchóirithe ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair chun tacú le cruthú post agus chun an dífhostaíocht a chomhrac, go háirithe i measc daoine óga, lena n-áirítear tríd an ráthaíocht don aos óg a chur chun feidhme ina hiomláine.

Ba cheart díriú ar an méid seo a leanas, go háirithe, sna beartais:

- dreasachtaí cánach agus dreasachtaí eile a athneartú i leith cruthú post, lena n-áirítear cánacha a dhíriú ar réimsí eile seachas ar an lucht saothair;
- síneadh a chur le gairmréimeanna agus cur leis an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, dlús a chur le bearta do mhargadh an tsaothair agus leanúint de na córais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú, lena n-áirítear foghlaim ar feadh an tsaoil agus gairmoiliúint;
- a áirithiú go bhfuil forbairtí maidir leis an gcostas saothair comhsheasmhach le gnóthachain táirgiúlachta;
- aghaidh a thabhairt ar mhí-oiriúnuithe scileanna;
- soghluaisteacht an lucht saothair a mhéadú.

Tá beartais lena gcothaítear an nuálaíocht agus lena méadaítear an táirgiúlacht ríthábhachtach i gcónaí.

An Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post a chur chun feidhme

26. Tá an Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post, ar thángthas ar chomhaontú ina leith I mí an Mheithimh 2012, fós ar cheann de mhóruirlísí an Aontais Eorpaigh arb é is aidhm dó borradh a chur an athuair faoin bhfás, faoin infheistíocht agus faoin bhfostaíocht agus cur le cumas iomaíochta na hEorpa. Tá sé ríthábhachtach an Comhshocrú a chur chun feidhme d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach. Cé go ndearnadh dul chun cinn maith i réimsí éagsúla, ba cheart féachaint leis i gcónaí an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainneacht an Chomhshocraithe. Ba cheart don Chomhairle athbhreithniú rialta a dhéanamh air sin. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle Eorpach gur glacadh Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 agus cláir airgeadais ghaolmhara trína bhféadfar Straitéis Eoraip 2020 a chur i gcrích.

Tá an comhrac i gcoinne na dífhostaíochta i measc daoine óga fós ar cheann de príomhchuspóirí straitéis AE chun an fás, an fhostaíocht agus an iomaíochas a chothú. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit sin nach bhfuil a bPleananna maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg a Chur Chun Feidhme curtha isteach fós acu na Pleananna sin a thíolacadh gan mhoill. Meabhraíonn sí an gealltanais a thug sí go mbeadh an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra faoi lánseol faoi mhí Eanáir 2014.

Is tosaíocht i gcónaí é go mbeidh gnáthiasachtú ar bun an athuair sa gheilleagar, go háirithe gnáthiasachtú do FBManna. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach cur chun feidhme an mhéadaithe chaipitil ón mBanc Eorpach Infheistíochta lena gcuirtear ar chumas an bhainc na hiasachtaí a thugann sé ar fud an AE a ardú faoi 38%, go EUR 62 billiún i mbliana. Is díol sásaimh di freisin an tacaíocht EUR 23.1 billiún a chuir an Grúpa BEI ar fáil in 2013 d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí meánchaipitlithe ar fud na 28 mBallstát. I gcomhréir le conclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2013, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur cheart an tionscnamh FBM a sheoladh i mí Eanáir 2014, agus gur cheart leanúint den obair maidir le huirlisí a fhorbairt tuilleadh don todhchaí. Iarrann sí ar na Ballstáit atá rannpháirteach sa tionscnamh FBM fógra a thabhairt don Choimisiún agus do BEI faoina ranníocaíochtaí faoi dheireadh na bliana. I bhfianaise air sin, is díol sásaimh di sainordú nua BEI don Chiste Eorpach Infheistíochta ar fiú suas le EUR 4 bhilliún é agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar BEI cumas an Chiste a fheabhsú tuilleadh trí chaipiteal a mhéadú d'fhonn teacht ar chomhaontú críochnaitheach faoi mhí na Bealtaine 2014.

Iarrann an Chomhairle Eorpach go bhféachfaí leis an reachtaíocht atá fágtha faoi Ghníomh I agus Gníomh II um an Margadh Aonair a ghlacadh go sciobtha, agus go ndéanfaí na bearta atá inti a chur chun feidhme go gasta. Iarrann sí go háirithe ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú go pras maidir leis an dá thogra reachtacha atá fós amuigh faoi Ghníomh I um an Margadh Aonair ("oibríthe a chur i gceann poist" agus "sainaithe leictreonach").

Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go ndéanfaí tuilleadh chun an t-ualach rialúcháin a laghdú tríd an gclár REFIT a chur chun feidhme agus trína fhorbairt tuilleadh agus tá sí ag súil le níos mó beart a ghlacadh sa treo sin le linn an chruinnithe a bheidh aici i mí an Mheithimh. Pléifidh sí an cheist sin ar bhonn bliantúil i gcreat an tSeimeastair Eorpaigh.

27. Ag meabhrú di conclúidí mhí na Bealtaine 2013, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal AE sa chomhrac i gcoinne na calaoise cánach agus na himghabhála cánach, i gcoinne na pleanála ionsaithí cánach, i gcoinne chreimeadh an bhoinn agus aistriú an bhrabúis (BEPS), agus i gcoinne an sciúrtha airgid. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair a rinneadh i dtionól ECFE agus i bhfórait idirnáisiúnta eile chun freagairt ar dhúshlán an chánachais agus chun cothroime agus éifeachtacht na gcóras cánach a áirithiú, go háirithe maidir le caighdeán domhanda a fhorbairt i dtaca le faisnéis a roinnt go huathoibríoch, ionas go n-áiritheofar cothrom na Féinne. Agus í ag iarraidh cur leis an trédhearcacht in ábhair chánach, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle teacht ar chomhaontú polaitiúil d'aontoil, go luath in 2014, ar an Treoir maidir le comhar riaracháin. Beidh gá le dlús a chur faoin gcaibidlíocht le tríú tíortha na hEorpa agus iarrann sí ar an gCoimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid an chruinnithe i mí an Mhárta. I bhfianaise sin, déanfar an Treoir athbhreithnithe maidir le cáin a ghearradh ar ioncam ó choigilteas a ghlacadh faoi mhí an Mhárta 2014. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an tuarascáil ar cheisteanna cánach a thíolaic an Chomhairle don Chomhairle Eorpach agus is díol sásaimh di gur bhunaigh an Coimisiún an Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe maidir le Cáin a Ghearradh ar an nGeilleagar Digiteach, agus iarrann sí ar an gCoimisiún réitigh éifeachtacha a bheidh ag teacht le feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh a mholadh, agus obair ECFE á cur san áireamh, agus tuairisciú don Chomhairle a luaithe agus is féidir. Ba cheart dul chun cinn mear a dhéanamh freisin chun teacht ar chomhaontú maidir le Treoir na Máthairchuideachta-Fochuideachta.

Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir le faisnéis neamhairgeadais a bheith á nochtadh ag grúpaí móra.

III. AN tAONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

28. Ó cuireadh i láthair an tuarascáil "I dtreo Fíor-Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta" i mí na Nollag seo caite, tá dul chun cinn déanta i dtaca leis na príomhbhloic thógála lena dtreiseofaí struchtúr an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA). Sa phlé a rinne sí, ba ar an aontas baincéireachta agus eacnamaíoch a bhí aird na Comhairle Eorpaí dírithe. Cuireann an próiseas sin le creat institiúideach AE, ag tacú go hiomlán le sláine an Mhargaidh Aonair, agus cothroime iomaíochta á háirithiú idir Ballstáit AE. Beidh sé oscailte agus trédhearcach i leith na mBallstát sin nach bhfuil an t-airgeadra aonair in úsáid acu.

An tAontas Baincéireachta

29. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú deiridh ar tháinig na comhreachtóirí air faoin Treoir maidir le Scéim Ráthaithe Taiscí agus faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc. Is díol sásaimh di freisin an cur chuige ginearálta agus na conclúidí sonracha ar tháinig an Chomhairle orthu faoin Sásra Réitigh Aonair (SRA). In éineacht leis an Sásra Maoirseachta Aonair, beidh SRA ina chéim fhíorthábhachtach chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na reachtóirí SRA a ghlacadh sula mbeidh deireadh leis an tréimhse reachtach atá ann faoi láthair

Comhpháirtíochtaí le haghaidh Fáis, Post agus Iomaíochais

30. Tá dul chun cinn maith déanta i dtaobh rialachais eacnamaíocha le blianta beaga anuas. Is éard atá i Straitéis Eoraip 2020 agus sa Seimeastar Eorpach próiseas comhtháite comhordú beartais chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn san Eoraip. Sa limistéar euro, caithfear comhordú na mbeartas eacnamaíoch a neartú tuilleadh chun cóineasú laistigh de AEA agus leibhéal níos airde san fhás inbhuanaithe a áirithiú araon. Le comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha, beifear in ann leochaileachtaí eacnamaíocha a bhrath níos luaithe agus beifear in ann iad a cheartú go tráthúil.
31. Chun é sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí le leibhéal tiomantais, úinéireachta agus cur chun feidhme na mbeartas eacnamaíoch agus na n-athchóirithe eacnamaíocha i mBallstáit an limistéir euro, agus dlisteanacht agus cuntasacht láidir, daonlathach ag tacú leis sin ar an leibhéal ag a nglactar cinntí agus ag a gcuirtear chun feidhme iad.
32. Sa chomhthéacs sin, tá sé thar a bheith tábhachtach athchóirithe na mBallstát i réimsí atá lárnach ó thaobh fáis, fostaíochta agus iomaíochais a éascú agus tacú leo, ar athchóirithe iad atá bunriachtanach d'fheidhmiú rianúil AEA ina iomláine. Le comhpháirtíochtaí a bheadh bunaithe ar chóras socrúithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach agus ar shásraí gaolmhara dlúthpháirtíochta, d'fhéadfaí beartais fhóna a éascú agus tacú leo sula mbeadh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha ag bagairt ar thíortha.

33. Bheadh an córas sin mar dhlúthchuid den Seimeastar Eorpach, bheadh sé ag luí go hiomlán le gach gné den Mhargadh Aonair agus d'fhéadfadh na Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéar euro leas a bhaint as freisin. Bheadh feidhm aige maidir leis na Ballstáit uile atá sa limistéar euro seachas na Ballstáit sin atá faoi réir chlár coigeartuithe maicreacnamaíocha.

34. Sna socrúithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach, chuimseofaí raon leathan beartas agus beart a chuirfeadh leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, lena n-áirítear feidhmíocht mhargadh an tsaothair agus mhargadh na dtáirgí, éifeachtúlacht na hearnála poiblí, mar aon le taighde agus nuálaíocht, oideachas agus oiliúint ghairmiúil, fostaíocht agus cuimsiú sóisialta. Léireofaí leo tosaíochtaí an bheartais eacnamaíoch a shaináithnítear in anailís chomhroinnte na Comhairle Eorpaí ar an staid eacnamaíoch mar atá sna Ballstáit agus sa limistéar euro, agus cuirfí san áireamh na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith.

35. I gcóras na gcomhpháirtíochtaí, d'áireofaí sásraí gaolmhara dlúthpháirtíochta lena gcuirfear tacaíocht ar fáil, mar is iomchuí, do na Ballstáit a bhfuil socrúithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach acu, agus chuideofaí ar an gcaoi sin le hinfheistíocht i mbeartais le haghaidh fáis agus deiseanna fostaíochta.

36. Déanfar breis oibre ar bhonn na bpríomhghnéithe a leanas:

- Is gealltanais "dúchais" a bheidh i socruithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach, ar comhpháirtíocht é idir na Ballstáit, an Coimisiún agus an Chomhairle. Beidh an Clár don Athchóiriú Náisiúnta a thíolaic gach Ballstát i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh mar bhonn do na socruithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach, agus na Moltaí atá Sonrach do Gach Tír Faoi Leith á gcur san áireamh. Beidh na socruithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach saincheaptha do riachtanais gach Ballstát aonair agus díreofar leo ar líon teoranta luamhain phríomha don fhás inbhuanaithe, don iomaíochas agus do chruthú post. Ba cheart gurb iad na Ballstáit a cheapadh na cuspóirí agus na bearta maidir le beartas eacnamaíoch a áirítear sna socruithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach, i gcomhréir lena socruithe institiúideacha agus bunreachtúla, agus ba cheart úinéireacht náisiúnta iomlán a áirithiú trí rannpháirtíocht iomchuí na bparlaimintí náisiúnta, na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí ábhartha eile. Ba cheart na socruithe conarthacha sin a phlé agus a chomhaontú go frithpháirteach leis an gCoimisiún, sula gcuirfear faoi bhráid na Comhairle iad lena bhformheas. Beidh an Coimisiún freagrach as breithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcur chun feidhme a chomhaontófar i ndáil leis na socruithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach, ar bhonn amlínte a chomhaontófar ar bhonn comhpháirteach.

- Maidir leis na sásraí dlúthpháirtíochta gaolmhara, féachfar go grinn arís ar na roghanna uile maidir le cineál na tacaíochta (e.g. iasachtaí, deontais, ráthaíochtaí), foirm institiúideach na tacaíochta agus méid na tacaíochta agus é á áirithiú ag an am céanna nach mbeidh oibleagáidí i gceist do na Ballstáit sin nach mbeidh rannpháirteach i gcóras na socruithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach agus na sásraí gaolmhara dlúthpháirtíochta; níor cheart feidhm a bhaint astu mar uirlis chomhionannaithe ioncain ná níor cheart go mbeadh tionchar acu ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil; agus ba cheart dóibh ceannasacht bhuiséadach na mBallstát a urramú. Beidh aon chomhaontú i ndáil le tacaíocht airgeadais a bhaineann le socruithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach ceangailteach ó thaobh dlí. Beidh baint ag Uachtarán BEI leis an obair seo.

37. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, leanúint leis an obair atá á déanamh ar chóras socruithe conarthacha a chomhaontaítear go frithpháirteach agus ar na sásraí gaolmhara dlúthpháirtíochta, ar bhonn na dtreoshuímh thuas, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí le linn an chruinnithe a bheidh ann i mí Dheireadh Fómhair 2014 d'fhonn teacht ar chomhaontú foriomlán maidir leis an dá ghné sin. Beidh dlúthbhaint ag na Ballstáit leis an obair sin.

Gné shóisialta AEA

38. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an fhostaíocht agus forbairtí sóisialta laistigh den Seimeastar Eorpach. Ar bhonn na hoibre a rinne an Chomhairle, dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go mbaineann sé le hábhar scórchlár a úsáid i ndáil le táscairí lánacha fostaíochta agus sóisialta mar a thuiriscítear sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar an bhFostaíocht.
39. Ní mór brú chun cinn go mear leis an obair maidir le táscairí fostaíochta agus sóisialta a úsáid ar an dóigh ar mhol an Coimisiún ionas go n-úsáidfear na hionstraimí nua sin le linn Seimeastar Eorpach 2014. Is é an t-aon aidhm amháin a bheidh le raon níos leithne táscairí tuiscint níos leithne a fháil ar fhorbairtí sóisialta.
40. Is ar bhonn saorálach a bheidh na bearta breise chun feabhas a chur ar an ngné shóisialta sa limistéar euro dóibh siúd atá lasmuigh den airgeadra aonair agus beidh na bearta sin iomlán oiriúnach leis an Margadh Aonair ar gach bealach.

IV. SREABHA IMIRCE

41. Phléigh an Chomhairle Eorpach an tuarascáil ón Uachtaránacht maidir leis an obair a rinne an Tascfhórsa don Mheánmhuir tar éis na tragóide a tharla le déanaí amach ó chósta Lampedusa. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an athuir go bhfuil rún daingean aici an baol atá ann go dtarlódh tubaistí eile den sórt sin a laghdú amach anseo .

Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an teachtaireacht ón gCoimisiún ina leagtar amach tríocha hocht de ghníomhartha oibríochtúla. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar gach iarracht na bearta a mholtar sa teachtaireacht a chur chun feidhme laistigh de thréimhse ama shoiléir a dhéanfaidh an Coimisiún a shonrú. Ba cheart, mar thosaíocht, go mbeadh teagmháil níos fearr ann le tríú tíortha ionas nach dtabharfaidh imircigh faoi thurais fhíorchontúirteacha chuig an Aontas Eorpach. Is gnéithe tábhachtacha den chur chuige uileghabhálach sin iad feachtais faisnéise, cláir réigiúnacha cosanta, comhpháirtíochta soghluaiseachta agus beartas éifeachtach maidir le daoine a chur ar ais. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu a athlonnú agus go gcuirfí leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar fud an domhain sa réimse sin. Iarrann sí freisin treisiú le hoibríochtaí faireachais teorann FRONTEX agus leis na gníomhaíochtaí chun smuigleáil daoine agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus go léireofaí dlúthpháirtíocht iomchuí leis na Ballstáit sin uile a bhfuil brú mór imirce orthu.

42. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle faireachán tráthrialta a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí. Fillfidh sí ar shaincheist an tearmainn agus na himirce i mí an Mheithimh 2014 faoi chuimsiú bheartas níos cuimsithí agus níos fadtéarmaí, tráth a saineofar treoirlínte straitéiseacha le haghaidh tuilleadh pleanála reachtaí agus oibríochtúla i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. In oirchill an chruinnithe sin, iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil a chur chuig an gComhairle maidir leis na gníomhaíochtaí sin a leagtar amach sa teachtaireacht uaidh a chur chun feidhme.

V. **MÉADÚ AGUS AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS**

43. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac an Chomhairle an 17 Nollaig maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus tacaíonn sí leo.

VI. **CAIDREAMH SEACHTRACH**

An 9ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála

44. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur éirigh go maith leis an 9ú comhdháil aireachta de chuid EDT in Bali. Go háirithe, rachaidh an Comhaontú um Éascú Trádála chun tairbhe do chomhaltaí uile EDT agus spreagfaidh sé fás agus cruthú post. Rinneadh cinntí tábhachtacha le linn na comhdhála freisin maidir le lánpháirtiú na dtíortha atá i mbéal forbartha a chur chun cinn sa chóras trádála domhanda, go háirithe na tíortha is lú forbairt. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí leis an gcóras trádála iltaobhach agus go bhfuil sí ag tnúth le níos mó dlúis a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn Babhta Doha a thabhairt chun críche.

An tSiria

45. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haird gur fhógair Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe Ban Ki-Moon go dtionólfar comhdháil maidir leis an tSiria an 22 Eanáir 2014 chun aistriú daonlathach dáiríre agus cuimsitheach a bhaint amach, mar atá léirithe sa ráiteas Geneva an 30 Meitheamh 2013. Tá imní mhór uirthi faoin droch-chás daonnúil atá fós sa tSiria agus an tionchar tromchúiseach atá aige sin ar na tíortha comharsanachta. I bhfianaise chomhdháil ghealltanais na Siria a bheidh ar siúl an 15 Eanáir 2014 sa Chuáit, meabhraíonn an Chomhairle Eorpach an ról ceannaireachta atá ag AE maidir leis na hiarrachtaí ar chabhair idirnáisiúnta a threorú agus tá os cionn EUR 2 billiún tugtha aige ó thosaigh an ghéarchéim. Tá AE ag tacú le hobair na n-eagraíochtaí daonnúla, go háirithe na gníomhaireachtaí de chuid NA. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur síníodh an leithdháileadh airgeadais aonair is mó riamh de chabhair dhaonnúil AE an tseachtain seo. Dearbhaíonn sí go bhfuil AE meáite ar chead isteach daonnúil sa tSiria a iarraidh chun cabhrú a thabhairt dóibh siúd a dteastaíonn sin uathu agus ar leanúint de mhaoiniú leordhóthanach a úsáid agus tógáil ar straitéis chuimsitheach chabhrach, agus iarrann sí go ndéanfar bearta breise chun feabhas a chur ar éifeachtach na tacaíochta AE. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin ar mhórdheontóirí idirnáisiúnta eile iarracht níos mó a dhéanamh agus a gcuid freagrachtaí a ghlacadh orthu féin.

Poblacht na hAfraice Láir

46. Tá an Chomhairle Eorpach an-íomhothúil faoin ngéarchéim atá ag dul in olcas i gcónaí i bPoblacht na hAfraice Láir agus faoin drochthionchar a bheidh ag an ngéarchéim sin ar chearta daonnúla agus ar chearta an duine. Is díol sásaimh di an idirghabháil rithábhachtach ó arm míleata na Fraince, a bhunaítear ar Rún 2127 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena dtacaítear le fórsaí na hAfraice an tslándaíl a athbhunú agus lena dtacaítear leis an tiomantas comhsheasmhach atá léirithe ag a chomhpháirtithe san Afraic an cás a chobhsú. Faoi chuimsiú cur chuige uileghabhálaigh, dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go mbeidh AE toilteanach úsáid na n-ionstraimí ábhartha a scrúdú d'fhonn cabhrú leis na hiarrachtaí atá ar bun arb é is aidhm leo an tír a chobhsú, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Chomhbheartais Pholaitiúil agus Slándála (CBSC), idir a ghné mhíleata agus a ghné shibhialta. Iarrann sí ar an Ardionadaí togra a thíolacadh i ndáil leis an méid sin ag an gComhairle (Gnóthaí Eachtracha) i mí Eanáir 2014.

Comhpháirtíocht an Oirthir

47. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur chuir an tSeoirsia agus Poblacht na Moldóive inisealacha leis na Comhaontuithe Comhlachais, lena n-áirítear na Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Shaorthrádála, ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir a bhí ar siúl i Vilnius an 28-29 Samhain. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach ullamh na comhaontuithe sin a shíniú a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí na deireadh mhí Lúnasa 2014.
48. Tá an tAontas Eorpach fós ullamh an Comhaontú Comhlachais, lena n-áirítear an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, a shíniú leis an Úcráin, a luaithe agus a bheidh an Úcráin réidh. Iarrann an Chomhairle Eorpach go mbeidh srian ar an bhforéigean agus meas ar chearta an duine agus ar chearta bunúsacha, agus réiteach daonlathach ar an ngéarchéim pholaitiúil san Úcráin, lena gcomhlíonfaí mianta mhuintir na hÚcráine. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an gceart atá ag gach Stát ceannasach a chinntí féin maidir le beartais eachtracha a dhéanamh gan bhrú seachtrach míchuí.

VII. CEISTEANNA EILE

Fuinneamh

49. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na tuarascálacha ón gComhairle maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh a chur chun feidhme agus maidir le caidreamh i leith an fhuinnimh sheachtraigh. Sa chomhthéacs sin, leagann sí béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí a dhéanamh go pras chun na treoirlínte a shocraigh an Chomhairle Eorpach i mí Bealtaine 2013 a chur chun feidhme, lena n-áirítear diansaothrú na hoibre ar idirnáisc leictreachais idir Ballstáit. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an mbeartas fuinnimh ag an gComhairle Eorpach a bheidh ann i mí an Mhárta.

Straitéis AE do Réigiún na nAlp

50. Ag meabhrú di na conclúidí ó mhí an Mheithimh 2011 agus na Conclúidí ón gComhairle mhí Dheireadh Fómhair maidir leis an mbreisluach atá ar straitéisí macrairéigiúnach, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, Straitéis AE do Réigiún na nAlp a ullmhú faoi mhí an Mheithimh 2015.

